Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026
(OR. en)

8882/26

COH 75
CADREFIN 197
POLGEN 112
ECOFIN 572
ENV 455
TRANS 271
PECHE 157
JAI 526
ENER 222
MI 429
MAR 68
COMPET 525
SAN 275
SUSTDEV 36
RECH 206

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 5 Bealtaine 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) iad ag an 4170ú cruinniú a bhí aici an 5 Bealtaine 2026.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir leis an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 29 agus an 30 Deireadh Fómhair 2009[1], lenar glacadh Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR) agus lenar formhuiníodh na conclúidí ón gComhairle[2] ar an ábhar sin bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2009[3];

2. I bhFIANAISE an chomhdhearcaidh ar tháinig ionadaithe na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Gearmáine, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne agus na Sualainne air trí bhíthin nós imeachta tosta an 28 Samhain 2025 maidir leis an iarratas ar bhallraíocht iomlán a chuir an Iorua ar aghaidh;

3. I bhFIANAISE na litreach dar dáta an 20 Márta 2026 ó Uachtarán Ghrúpa Comhordaitheoirí Náisiúnta Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt, inar iarradh ar Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an nós imeachta chun an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt a sheoladh sa Chomhairle.

   A. IS DÍOL SÁSAIMH DI agus GLACANN SÍ leis an iarraidh a rinne na tíortha atá rannpháirteach i nGrúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt ar an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt;

   B. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt agus Straitéis leasaithe, dá réir, a chur faoi bhráid na Comhairle.

---

[1] 15265/1/09 REV 1.
[2] 15018/09.
[3] 11308/09.